Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12968/23

LIMITE

CSDP/PSDC 641
CFSP/PESC 1246
EUMC 386
MAMA 134
RELEX 1051
CONUN 244
CSC 441
EUNAVFOR MED 28
PSC DEC 41
JAI 1151

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/743 (EUNAVFOR MED IRINI/2023/743) (EUNAVFOR MED IRINI/3/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an ...**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/743 (EUNAVFOR MED IRINI/3/2023)**

PUBLIC

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)[1], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

[1] IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) cinntí a ghlacadh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(3) An 4 Aibreán 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/743[1] lena gceaptar an Seachaimiréal Valentino RINALDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Aibreán 2023.

(4) An 5 Meán Fómhair 2023, mhol údaráis mhíleata na Gréige go ndéanfaí an Ceannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Valentino RINALDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán sin.

(5) An 12 Meán Fómhair 2023, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh a rinne údaráis mhíleata na Gréige.

[1] Cinneadh (CBES) 2023/743 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 4 Aibreán 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1681 (EUNAVFOR MED IRINI/1/2023) (IO L 98, 11.4.2023, lch. 6).



PUBLIC

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eopraigh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/743 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Déantar Cinneadh (CBES) 2023/743 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023.

Arna dhéanamh sa ,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

PUBLIC